V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11158 — DEUTSCHE BÖRSE / SIMCORP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 279/07)

1. An 31 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Deutsche Börse AG ('DBAG', an Ghearmáin),

— SimCorp A/S ('SimCorp', an Danmhairg).

Gheobhaidh DBAG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SimCorp ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 27 Aibreán 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— I gcás DBAG: Seirbhísí liostaithe, trádála agus iarthrádála le haghaidh cothromais airgid thirim agus táirgí ioncaim sheasta; seirbhísí trádála agus imréitigh díorthach; seirbhísí trádála, imréitigh agus bainistíochta comhthaobhachtaí le haghaidh comhaontuithe athcheannaigh; soláthar sonraí margaidh agus sonraí innéacs; mar aon le seirbhísí teicneolaíochta,

— I gcás SimCorp: Réitigh bhogearraí le haghaidh bainistíocht infheistíochta, bainistíocht sonraí, cumarsáid cliant agus seirbhísí gaolmhara do bhainisteoirí sócmhainní, seirbhíseoirí sócmhainní, bainc, cistí árachais, cistí pinsin agus bainisteoirí rachmais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11158 — DEUTSCHE BÖRSE / SIMCORP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË